An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste De La Salle
Port Láirge
Uimhir Rolla: 64950O

Dáta na cigireachta: 8 Feabhra 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta(í) na cigireachta	7/ 8 Feabhra 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 12 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith i go leor de na ranganna a breathnaíodh ach is gá straitéisí nua a chur i bhfeidhm i gcás ranganna áirithe le cinntiú nach mbaintear úsáid leanúnach as an aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla.
- Sna ceachtanna inar baineadh úsáid as réimse áiseanna, teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) san áireamh, cuireadh go mór le héifeacht na múinteoireachta agus le foghlaim na scoláirí.
- Breathnaíodh roinnt obair bheirte agus obair ghrúpa sna ranganna ardleibhéil don chuid is mó ach is gá na deiseanna cumarsáide seo a leathnú chuig na ranganna agus na leibhéil go léir.
- Moltar an obair a rinneadh go dáta ar chúrsaí pleanála.
- Rinneadh ullmhúchán agus pleanáil chúramach d'fhormhór na ranganna a breathnaíodh.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go n-aontódh na múinteoirí Gaeilge ar pholasaí i leith úsáid na sprioctheanga agus go mbeadh an polasaí sin le feiceáil go soiléir sa phlean don Ghaeilge.
- Moltar do na múinteoirí níos mó deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga a chruthú do scoláirí sna ranganna agus sna leibhéil go léir, d'fhonn a chinntiú go mbeidh scoláirí in ann an teanga a labhairt de réir a gcumas.
- Ba cheart úsáid a bhaint as réimse níos leithne acmhainní agus ábhair teagaisc, an TFC san áireamh, le linn na gceachtanna Gaeilge go léir.
- Moltar níos mó ábhar tacaíochta a chur ar fáil do scoláirí agus díriú ar straitéisí chun tacú le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta sa Ghaeilge mar atá luaite i miontuairiscí na roinne Gaeilge.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí is ea Coláiste De La Salle le rollúchán reatha de 1,174 scoláire. Cuirtear an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe ar fáil. Is féidir an Ardteistiméireacht a athdhéanamh agus tá éileamh ar an soláthar sin ó bhuachaillí agus ó chailíní araon.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chumarsáide agus mhúinte go maith i go leor de na ranganna a breathnaíodh agus rinneadh iarrachtaí fónta gan a bheith ag aistriú ó Ghaeilge go Béarla. Bhí ranganna eile, áfach, inar baineadh úsáid leanúnach as an aistriúchán nuair nach raibh fíorghá leis. Breathnaíodh cúpla rang freisin ina raibh formhór an teagaisc déanta trí Bhéarla. Moltar go n-aontódh na múinteoirí Gaeilge ar pholasaí i leith úsáid na sprioctheanga agus go mbeadh an polasaí sin le feiceáil go soiléir sa phlean don Ghaeilge.
- Is gá do mhúinteoirí áirithe a gcuid scileanna labhartha agus scríofa féin sa teanga a fheabhsú. Tá líon áirithe múinteoirí ag múineadh na Gaeilge nach bhfuil cáilithe chuige sin. Moltar do bhainistíocht na scoile aghaidh a thabhairt ar an bhfadbh seo mar ábhar práinne.
- Baineadh úsáid as obair bheirte agus obair ghrúpa i roinnt ranganna, ranganna ardleibhéil go príomha, agus chuir úsáid na straitéisí cumarsáide sin go mór le muinín na scoláirí i labhairt na teanga. Áit ar tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach agus gníomhach sa rang bhí tionchar an chur chuige sin le feiceáil ar a leibhéal spéise sa bhfoghlaim. Moltar go bpléifí cur chuigí cumarsáide agus go gcinnteofaí go mbeadh a leithéid i bhfeidhm sna ranganna Gaeilge go léir.
- Baineadh úsáid éifeachtach as an TFC i gcás roinnt ranganna a breathnaíodh, ranganna ardleibhéil don chuid is mó. Is gá úsáid níos leithne a bhaint as an áis luachmar seo chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a gcuid suime sa teanga a mhúscailt.
- Baineadh úsáid as scannán i gcúpla rang a breathnaíodh agus chuir an úsáid sin go mór le héifeacht an teagaisc agus le foghlaim na scoláirí. Seachas na scannáin agus úsáid an TFC ó am go chéile is beag acmhainn teagaisc eile ar baineadh úsáid as sna ranganna Gaeilge seachas an téacsleabhar, bileoga saothair agus an clár bán. Moltar go mbainfí úsáid as réimse i bhfad níos leithne acmhainní breise chun ábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs comhaimseartha spéisiúil do scoláirí. Moltar mar sin go mbainfí úsáid as prodchraoltaí, ceol, póstaeir, grianghraif, na meáin chumarsáide, giotaí fiseán, cláracha teilifíse, irisí agus aon ábhar eile a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach do na scoláirí agus a thacódh lena gcuid foghlama.
- Breathnaíodh cúpla cás inar múineadh gnéithe de ghramadach na Gaeilge ar bhealach éifeachtach. Scríobhadh eochairfhocail ar an gclár bán i bhformhór na ranganna ach is gá a chinntiú go múintear na focail sin i gcomhthéacs agus gur féidir leis na scoláirí iad a chur in abairtí mar thoradh ar an bhfoghlaim. Braitheadh le linn na cigireachta go raibh gá le botúin ghramadaí scoláirí a cheartú ar bhonn níos rialta. Moltar abairtí iomlána a lorg ó scoláirí agus iad ag freagairt ceisteanna chun breis taithí a thabhairt dóibh ar chomhréir agus ar cheart-úsáid na Gaeilge. Ní mór foghraíocht scoláirí a cheartú freisin gan cur as dá bhféinmhuinín. D'fhéadfaí úsáid rialta a bhaint as an athrá d'fhonn a chinntiú gur

féidir le scoláirí focail agus frasaí nua a fhuaimniú agus a rá i gceart. Cuireann seo go mór lena bhféinmhuinín i labhairt na teanga.

- Bhí go leor ábhar bainteach le múineadh agus foghlaim na Gaeilge in airde i gcuid de na seomraí ranga. Moltar go gcuirfí go suntasach leis an ábhar i seomraí áirithe agus go mbainfí úsáid leanúnach as chun tacú le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta sa Ghaeilge.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Ceithre thréimhse sa tseachtain a bhíonn ann do na scoláirí ar fad sa tsraith shóisearach. Bíonn trí thréimhse ar fáil don Idirbhliain agus cúig thréimhse sa tseachtain don chúigiú agus don séú bliain, soláthar atá sásúil go maith. Moltar más féidir tréimhse bhreise a chur ar fáil do cheann amháin ar a laghad de na bliainghrúpaí sa tsraith shóisearach.
- Déantar iarrachtaí fónta taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo a a fhorbairt lasmuigh den seomra ranga. Déantar é seo trí imeachtaí a eagrú le linn Sheachtain na Gaeilge. Glactar páirt i ndíospóireachtaí Ghael Linn ó am go cheile agus tógtar scoláirí chuig drámaí Gaeilge anois is arís. Moltar an obair sin agus moltar ach go háirithe an club Gaeilge a bunaíodh sa scoil i mbliana agus a thagann le chéile tar éis na scoile faoi stiúr múinteora. D'fhéadfaí tógaint ar na himeachtaí seo, áfach, agus clár eischuraclaim agus traschuraclaim don Ghaeilge a eagrú le linn na scoilbhliana go léir.
- Freastalaíonn formhór na múinteoirí ar chúrsaí na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge. Ní raibh moltaí na Seirbhíse le feiceáil i gcuid de na ranganna, áfach, agus moltar cuairt a lorg ón tSeirbhís chun díriú ar roinnt straitéisí a thacódh le múineadh agus foghlaim na teanga.
- Eagraítear bréagscrúduithe béil do na ranganna sa chúigiú agus sa séú bliain. Moltar go ndéanfaí scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas ón gcéad bhliain ar aghaidh agus go gcuirfí torthaí na measúnaithe sin ar fáil do thuismitheoirí sna tuairiscí scoile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Ainmnítear comhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na teanga i measc na múinteoirí Gaeilge gach ceithre bliana. Eagraítear cruinnithe roinne uair sa téarma agus léirigh na miontuairiscí go bpléitear réimse leathan ceisteanna ábhartha ag na cruinnithe sin.
- Cuireadh plean ar fáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge maraon le scéimeanna oibre. Is léir gur caitheadh dua agus am le próiseas na pleanála agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo. Is gá, áfach, an plean sin a fhorbairt anois agus scéimeanna oibre comhtháite a chur le chéile a chuimsíonn na nithe seo a leanas: topaicí agus téamaí, modhanna múinte, áiseanna agus acmhainní teagaisc, spriocanna foghlama agus modhanna measúnaithe. Ba cheart go mbeadh cur chuigí difreáilte agus úsáid TFC mar chuid lárnach de na scéimeanna oibre chomh maith.
- Tá líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht níos isle ná mar a bheifeá ag súil leis ainneoin iarrachtaí na múinteoirí chun iad a spreagadh le fanacht sna ranganna ardleibhéil. Tugadh roinnt moltaí do bhainistíocht agus d'fhoireann Gaeilge na scoile ina leith seo agus ba cheart go gcabhródh moltaí na tuairisce seo leis an ngnóthachtáil go ginearálta a ardú.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis

Foilsithe Deireadh Fómhair.